Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2021
(OR. en)

8770/21

SPORT 34
RECH 215
SOC 274
EMPL 203
SUSTDEV 63
EDUC 169
SAN 292
ENV 309
ECO 52
JEUN 50

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8126/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Nuálaíocht i gcúrsaí spóirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Nuálaíocht i gcúrsaí spóirt, arna nglacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17-18 Bealtaine 2021.

**Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an Nuálaíocht i gcúrsaí spóirt**

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

*AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ DI*

1. Go gcuideoidh an tAontas, de bhun Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shainiúlacht an spóirt, dá chuid struchtúr atá bunaithe ar an ngníomhaíocht dheonach, agus don fheidhm shóisialta agus oideachasúil a bhaineann leis.

2. I gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe[1], admhaítear gur cumasóir tábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe é an spórt agus aithnítear a mhéid a chuireann sé le baint amach na forbartha agus na síochána tríd an gcaoinfhulaingt agus an urraim a chur chun cinn, agus a mhéid a chuireann sé le cumhachtú na mban, leis an ógra, daoine aonair agus leis an bpobal, agus le cuspóirí sláinte, oideachais agus cuimsithe sóisialta.

3. Sna Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2013 maidir leis an méid a chuidíonn an spórt le geilleagar AE, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc an ógra agus ar chuimsiú sóisialta, aithníodh an acmhainneacht a ghabhann leis an spórt ó thaobh poist a chruthú agus tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch áitiúil, mar aon le héifeachtaí "iarmhartacha" an spóirt ar earnálacha eile[2].

[1] Rún A/RES/70/1 an 25 Meán Fómhair 2015 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe], mír 37

[2] IO C 32, 4.2.2014, lgh. 2-5

4. Sna Conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2014 maidir leis an spórt mar spreagadh don nuálaíocht agus don fhás eacnamaíoch, aithníodh gur gné thábhachtach den nuálaíocht agus den fhás eacnamaíoch é an spórt, agus go bhfeictear sa tionscal spóirt mearthonnta síoraí na nuálaíochta á bhrostú chun cinn gan stad; measadh sna conclúidí céanna go bhfágann na nuálaíochtaí teicneolaíocha sin gur ceannródaí é an spóirt i réimsí áirithe den eolaíocht fheidhmeach[3].

5. Sna Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2018 maidir le gné eacnamaíoch an spóirt agus na sochair shocheacnamaíocha a ghabhann leis, measadh, de cheal sonraí, nach ndearnadh aon mharana cheart go dtí seo i dtéarmaí OTI agus fostaíochta ar an ngné sin den nuálaíocht a bhaineann le cúrsaí spóirt[4].

6. Sna Conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt, iarrtar ar na Ballstáit, i gcomhar leis an ngluaiseacht spóirt, sineirgí le hearnálacha éagsúla a neartú, lena n-áirítear earnáil na nuálaíochta, chun deiseanna nua a chur ar fáil do lúthchleasaithe agus do na saoránaigh go léir gníomhaíocht choirp a dhéanamh, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha[5].

7. I bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2021–2024, a ghlac an Chomhairle an 4 Nollaig 2020, aithnítear go bhféadfadh cúrsaí spóirt rannchuidiú le tosaíochtaí polaitiúla foriomlána an Aontais a bhaint amach, agus go háirithe na spriocanna atá ag réimsí éagsúla eile beartais amhail an nuálaíocht, an digiteáil, an geilleagar, an t-oideachas, an tsláinte, an óige, gnóthaí sóisialta, cuimsiú, an comhionannas, an comhionannas inscne, forbairt uirbeach agus tuaithe, an t-iompar, an comhshaol, an turasóireacht, an fhostaíocht, agus an inbhuanaitheacht; agus go bhféadfadh na réimsí beartais sin tacú leis an spórt a chur chun cinn, bunaithe ar an gcomhar trasearnála[6].

---

[3] IO C 436, 5.12.2014, lgh. 2-5
[4] IO C 449, 13.12.2018, lgh. 1-5
[5] IO C 214I, 29.6.2020, lgh. 1-4
[6] IO C 419, 4.12.2020, lgh. 18-22

8. Sa Ghlao a rinneadh i Tartu i mí Mheán Fhómhair 2017 maidir le Stíl Fhollláin Mhaireachtála a chaitheamh, leagtar amach ann an tiomantas chun na pobail eolais agus nuálaíochta a spreagadh, le tacaíocht ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, EIT um Shláinte agus EIT um Bia, chun cineálacha nuálacha cur chuige a fhorbairt agus a mhéadú ar mhaithe leis an bhfeasacht a chur chun cinn agus a mhéadú maidir leis na tairbhí a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála.

9. Sna Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2020 maidir leis an gcomhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí, léirítear gurb iomaí nasc atá ag an spórt agus an ghníomhaíocht choirp le hearnálacha beartais eile, lena n-áirítear an nuálaíocht, an taighde, an digiteáil, an geilleagar, an tsláinte agus an fhostaíocht, agus go dtig leis an gcomhar trasearnála ról tábhachtach a ghlacadh maidir le nuálaíocht agus gné eacnamaíoch an spóirt a spreagadh[7].

*AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT DI*

10. Ba cheart an nuálaíocht a mheas mar phríomhthosaíocht chun earnáil an spóirt a fhorbairt. Táthar ag súil go gcothóidh an nuálaíocht i gcúrsaí spóirt deiseanna chun rannpháirtíocht na saoránach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú; táthar ag súil go gcuirfidh sí leis an bhforbairt shocheacnamaíoch a bhuí leis an spórt; agus go dtabharfaidh sí aghaidh ar na dúshláin reatha mar aon leis na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus, ar an mbealach sin, earnáil an spóirt a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní.

11. I gcomhthéacs an bheartais phoiblí, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an nuálaíocht i gcúrsaí spóirt trí bhíthin cur chuige iomlánaíoch, il-leibhéil agus trasearnála, agus tógáil ar an dlúthchomhar idir institiúidí poiblí agus príobháideacha, agus rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus dul i ngleic go leordhóthanach leis na dúshláin shocheacnamaíocha níos leithne atá roimh an Aontas.

12. Is í an nuálaíocht is cúis le thart ar dhá thrian d'fhás eacnamaíoch na hEorpa le cúpla scór bliain anuas[8]. Cuireann an taighde agus an nuálaíocht le hathléimneacht na n-earnálacha táirgeachta, le hiomaíochas an gheilleagair, agus le claochlú digiteach agus éiceolaíoch na sochaí, lena n-áirítear an earnáil spóirt.

---

[7] IO C 419, 4.12.2020, lgh. 18-22

[8] Measúnú tionchair an chláir Fís Eorpach – doiciméad inmheánach oibre (nasc: https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/swd_2018_307_f1_impact_assesment_en_v7_p1_977548.pdf, lch. 8)

13. Bhí tionchar tromchúiseach ag paindéim COVID-19 ar earnáil uile an spóirt[9]. Cé nach ionann tionchar na paindéime ar gach tír, tá a hiarmhairtí le brath ar gach leibhéal rialachais agus ar gach gné den spórt. Ina theannta sin, thug sí chun solais agus chuir sí béim ar na laigí agus neamhionannais atá ann cheana, agus chuir sí dlús le glacadh cleachtas nuálach, agus béim á leagan ar an ngá atá le cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha.

14. Meastar go ginearálta gur 'luathghlacadóir' agus foinse luath smaointe agus nuálaíochtaí nua é an spórt[10], mar gheall ar a chumas forbairt a dhéanamh ar bhonn treochtaí teicneolaíocha agus sóisialta. Ina theannta sin, is féidir ról ceannasach a bheith ag daoine atá páirteach sa spórt, amhail lúthchleasaithe, cóitseálaithe, múinteoirí, saorálaithe agus foirne agus daoine aonair eile, i gcothú na nuálaíochta.

15. Bíonn an spórt ina spreagadh freisin ag nuálaíochtaí teicneolaíochta agus sóisialta a mbíonn buntáistí ag baint leo ó thaobh tarraingteacht eacnamaíoch agus fás ar an margadh fostaíochta ar fud an Aontais de. Léiríonn an taighde go bhfuil an spórt curtha san áireamh ina straitéisí um speisialtóireacht chliste ag roinnt mhaith réigiún san Aontas[11].

16. Tá gá le cur chuige nuálach sóisialta, eagraíochtúil, polaitiúil, digiteach agus teicneolaíoch chun dul i ngleic le bagairtí agus dúshláin atá ann cheana agus atá ag teacht, ar bagairtí agus dúshláin iad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar luachanna coiteanna an Aontais agus an spóirt araon, amhail luachanna a bhaineann le neamhionannas, sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine, brú tráchtála, dúshaothrú lúthchleasaithe, dópáil, ciníochas, seineafóibe, foréigean, éilliú agus sciúradh airgid.

---

[9] Conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt

[10] An tArdán Eorpach um Nuálaíocht sa Spórt (EPSI) - Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht 2016-2021, lch. 14

[11] Páipéar taighde ó Thionscnamh SHARE dar teideal *Mapping smart specialisation strategies for sport (2020)* [Mapáil straitéisí um speisialtóireacht chliste don spórt (2020)]

17. Bíonn tionchar ag forbairtí sa teicneolaíocht, amhail na forbairtí i Mórshonraí, 5G, néalríomhaireacht, intleacht shaorga, réaltacht fhíorúil/réaltacht bhreisithe, biteicneolaíochtaí agus cur i bhfeidhm phrionsabail cluichiúcháin[12] maidir leis an teicneolaíocht, tá tionchar acu ag na forbairtí sin ar an gcaoi a mbreathnaítear ar an spórt, a mbraitear é, a ndéantar é agus a n-eagraítear é. Is deiseanna gan fasach iad na forbairtí sin agus tá gá leo maidir le gnéithe a bhaineann leis an spórt, amhail cóitseáil, rannpháirtíocht lucht leanúna, bainistiú imeachtaí, cathracha cliste, agus oideachas agus soghluaisteacht ghníomhach.

18. Is féidir le gluaiseacht an spóirt, go háirithe eagraíochtaí spóirt, tairbhe a bhaint as modhanna nuálacha teicneolaíochta agus digiteacha cumarsáide agus craolacháin, chomh maith le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil chun luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn tríd an spórt, agus, trína dtionchar a imirt chun, *inter alia*, feasacht a mhúscailt maidir le héadulaingt, eisiamh sóisialta, steiréitíopáil ar bhonn inscne, fuath ban, homafóibe, ciníochas, seineafóibe, imeallú, ciapadh, mí-úsáid agus foréigean, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus aon chineál idirdhealaithe[13].

*MEASANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS*

19. Is coincheap ilghnéitheach í an nuálaíocht ag a bhfuil raon feidhme leathan, lena n-áirítear nuálaíocht táirgí, seirbhísí agus próiseas, agus nuálaíocht eagraíochtúil, institiúideach, shóisialta, ghlas agus beartais.

20. Bíonn an nuálaíocht ina spreagadh don fhorbairt i ngach ceann de ghnéithe an spóirt (sóisialta, eacnamaíoch, eagraíochtúil), agus imríonn sí tionchar ar an gcaoi a ndéantar an spórt a imirt agus a eagrú agus an dearcadh ina leith, agus cuireann sí le ról dearfach agus cleachtas an spóirt sa tsochaí, agus cuireann sí leis an aistriú ón gcúram sláinte chuig cúram don tsláinte, lánpháirtiú agus comhtháthú sóisialta agus oideachas.

12 Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn
13 IO C 196, 8.6.2018, lgh. 23-26

21. Is féidir tionchar dearfach a bheith ag an nuálaíocht i dtáirgí agus i seirbhísí a bhaineann le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA)[14] maidir le stíleanna maireachtála neamhghníomhacha a laghdú agus leibhéil gníomhaíochta coirp a mhéadú, amhail sláinte agus feidhmiúlacht seanóirí a fheabhsú, leitheadúlacht murtall agus galair neamhthógálacha a laghdú agus a mbainistiú a fheabhsú, agus an tsláinte, an fholláine agus an dea-bhail do gach aois a chur chun cinn, agus i dtimpeallachtaí éagsúla, lena n-áirítear an láthair oibre.

22. Leis an aistriú digiteach, trí bhíthin nascacht fheabhsaithe agus trealamh nua teicneolaíochta, tá feabhas á chur ar mhodhanna oiliúna agus foghlama agus ar fheidhmíocht, agus is féidir baol gortuithe sa spórt a laghdú. Tá méadú ag teacht freisin ar rannpháirtíocht saoránach, lúthchleasaithe, cóitseálaithe, foirne spóirt agus lucht leanúna, agus forbairt thapa táirgí agus seirbhísí nua sa spórt mar thoradh air freisin.

23. A bhuí le huirlisí digiteacha, amhail feistí inchaite spóirt[15], réaltacht bhreisithe agus cúplaí digiteach, chomh maith lena dteaglaim le prionsabail cluichiúcháin, tá peirspictíochtaí nua ann maidir le feidhmíocht spóirt, comhoiliúint, faireachas spóirt, faireachán sláinte agus gníomhaíocht choirp arna cuidiú ag intleacht shaorga, lena gcuirfear deiseanna nua ar fáil do lúthchleasaithe, ag an scothleibhéal agus ar leibhéal spóirt an phobail araon, agus do gach saoránach gníomhaíocht choirp a dhéanamh.

24. Leis an nuálaíocht, cuirtear le cumas na hearnála spóirt, go háirithe cumas na n-eagraíochtaí spóirt pobalbhunaithe, trí feabhas a chur ar mhodhanna agus ar phróisis oibre, sineirgí agus líonraí a chruthú, agus trí rannchuidiú le hearnáil spóirt atá níos athléimní, níos glaise agus níos trédhearcaí ar a ndéantar rialáil níos fearr. Is féidir leis an nuálaíocht rannchuidiú freisin le forbairt agus cur chun feidhme na bpríomhábhar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2021-2024.

---

14 HEPA - Gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte
15 Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn

25. Is féidir leis an nuálaíocht shóisialta[16] sa spórt féin, agus leis an nuálaíocht shóisialta trí bhíthin an spóirt,[17] tionchar dearfach a imirt ar rannpháirtíocht na ngrúpaí agus na ndaoine leochaileacha uile ar lú deis acu spórt a chleachtadh[18], trí uirlisí malartacha a chruthú chun páirt a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp agus, ar an gcaoi sin, cur lena gcuimsiú sóisialta agus lena gcumhachtú, agus feabhas á chur ag an am céanna ar a gcáilíocht saoil, ar a sláinte agus ar a ndea-bhail[19].

26. A bhuí le cineálacha nuálacha cur chuige maidir le pleanáil uirbeach agus spásúlacht, cumasaítear réitigh soghluaisteachta leordhóthanaí agus ionchorprú bonneagar spóirt i gceantair uirbeacha agus tuaithe agus i limistéir nádúrtha. Tá cathracha cliste agus níos glaise ag cur leis an ngaireacht agus leis an inrochtaineacht do shaoránaigh, rud a spreagann sochaí níos sláintiúla agus níos cuimsithí, agus a chuireann le mealltacht an spóirt agus na gníomhaíochta coirp.

27. Is féidir le bonneagair nuálacha spóirt, agus leis na próisis chun iad a thógáil agus a chothabháil[20], na cuspóirí a áirítear in Bauhaus Eorpach Nua a chuimsiú, agus dálaí níos fearr agus níos sábháilte a chur ar fáil don spórt agus don ghníomhaíocht choirp agus, ag an am céanna, a bheith níos inbhuanaithe, níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, níos inrochtana agus níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

28. Is féidir leis an spórt, ina chomhthéacsanna éagsúla, amhail gníomhaíochtaí agus imeachtaí, cur leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe trí bhearta nuálacha bainistithe dramhaíola agus acmhainní a chur chun feidhme, trí shoghluaisteacht ghníomhach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus feasacht a mhúscailt faoi na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol.

---

16 Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn.
17 Mar shampla, *Social Innovation Academy, Homeless World Cup Foundation, Street Football World, HAND – Handball for a new destiny, PLAY International.*
18 IO C 189, 15.6.2017, lgh. 40-44
19 IO C 196, 8.6.2018, lgh. 23-26
20 Mar shampla, spásanna ilchuspóireacha, ábhair athchúrsáilte tógála, úsáid, gabháil agus scagadh uisce báistí, grianphainéil, córais soilsithe ard-fhuinneamhéifeachtúla.

29. A bhuí leis an gclaochlú teicneolaíoch agus digiteach, is féidir tionchar suntasach a imirt ar mhórimeachtaí spóirt de bharr samhlacha nua gnó agus cleachtais nua a bheith ag teacht chun cinn. Cé gur deis atá i gcineálacha nuálacha cur chuige chun soláthar imeachtaí spóirt a bharrfheabhsú, chun imeachtaí atá níos costéifeachtaí agus níos inbhuanaithe a chothú, chomh maith le cur le líon an lucht féachana agus lena rannpháirtíocht, ní mór faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar na cleachtais neamhdhleathacha a bhaineann leo[21], agus cosc a chur leo.

*IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:*

30. Tionscnaimh agus tionscadail taighde agus forbartha a chur chun cinn agus tacú leo, go háirithe i gcás ollscoileanna agus lárionaid taighde, i réimse na nuálaíochta spóirt, chun eolas a chruthú agus a scaipeadh, agus uirlisí a chur ar fáil chun forbairt níos fearr a dhéanamh ar bheartas agus ar thagarmharcáil nuálaíochta an spóirt, rud a rannchuideoidh le hEoraip níos cliste[22]. I gcás tionscnaimh agus tionscadail den sórt sin, féachaint ar thacaíocht airgeadais ó ionstraimí ábhartha an Aontais, amhail cistí an Bheartais Chomhtháthaithe agus Fís Eorpach, agus an tacaíocht sin a chur chun cinn.

31. Tacú leis an gcomhar, agus an comhar a spreagadh, idir an ghluaiseacht spóirt agus eagraíochtaí ábhartha eile, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ollscoileanna agus lárionaid taighde, an tsochaí shibhialta, agus an earnáil phríobháideach maidir le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an nuálaíocht spóirt agus ar an bhfiontraíocht, agus ar na dúshláin atá rompu sin, amhail na bacainní agus na dúshláin a bhaineann le maoiniú, imirce daoine oilte, cosaint sonraí agus cearta maoine intleachtúla[23].

---

**21** Mar shampla, píoráideacht ar líne, tarchuir mhídhleathacha ar líne ar chraoltaí spóirt, ábhar mídhleathach a sholáthar, cúbláil cluichí, calaois ticéad neamhdhleathach.

**22** Ceann de chúig phríomhchuspóir Bheartas Comhtháthaithe an Aontais don tréimhse 2021-2027.

**23** Mar shampla, paitinní, brandaí, trádmharcanna, cearta a bhaineann le cóipcheart a bhaineann le craolachán.

32. Feabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an nuálaíocht spóirt le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála, UNESCO, ECFE, an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, agus Comhairle na hEorpa, chomh maith le heagraíochtaí ábhartha eile, comhar trasearnála a spreagadh agus tacú le bearta nuálacha agus taighde lena ndírítear ar an nuálaíocht spóirt a chur chun cinn.

33. Féachaint ar réitigh nuálacha, lena n-áirítear nuálaíochtaí digiteacha agus teicneolaíocha chun sláine an spóirt a chosaint agus chun an t-éilliú sa spórt a chomhrac, trí uirlisí iomchuí a fhorbairt agus a ghlacadh, chun dul i ngleic le dúshláin trasteorann amhail cúbláil cluichí, dópáil[24] agus foréigean, agus chun timpeallacht spóirt atá glan, sábháilte, neamh-idirdhealaitheach agus sláintiúil a chaomhnú.

34. Comhpháirtíochtaí il-leibhéil agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn, lena n-áirítear scoileanna, eagraíochtaí don aos óg, gluaiseacht an spóirt (go háirithe clubanna spóirt) agus eagraíochtaí ábhartha eile, chun cultúr nuálaíochta agus turgnamh a chuimsiú, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla sonracha.

35. Tacú leis an gcomhar trasearnála idir an earnáil spóirt agus earnálacha ábhartha eile, go háirithe maidir le huirlisí nuálacha digiteacha a úsáid, chomh maith le sineirgí idir ionstraimí ábhartha a shainaithint, ionas go mbeidh an earnáil spóirt níos athléimní in aghaidh géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus go bhféadfaidh sí teacht roimh dhúshláin shochaíocha.

36. Malartú dea-chleachtas agus taithí i réimse na nuálaíochta spóirt a chur chun cinn i measc na mBallstát, chomh maith le soghluaisteacht taighdeoirí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, agus náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach, agus ar an leibhéal domhanda**.**

---

**24** Mar shampla, tástáil ar spotaí fola triomaithe, dópáil ghéiniteach.

37. An chomhnuálaíocht[25] idir an ghluaiseacht spóirt, eagraíochtaí ábhartha eile agus eagraíochtaí de chuid earnálacha eile ar gach leibhéal rialachais idir institiúidí poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn agus a éascú, agus trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht braislí nuálaíochta, trí thaighde acadúil agus cur i bhfeidhm a spreagadh, agus trí thacú leis an nuálaíocht arb é an pobal atá ina bun agus ar na misin i réimse an spóirt.

38. Ról agus cuimsiú an spóirt agus na gníomhaíochta coirp a neartú mar uirlis don fhorbairt shocheacnamaíoch, lena n-áirítear nuálaíocht agus tionscadail spóirt a chur chun cinn i réimse na nuálaíochta sóisialta sa spórt agus tríd an spórt, laistigh de straitéisí réigiúnacha agus áitiúla, agus trí straitéisí um speisialtóireacht chliste[26]. Go háirithe, speisialtóireacht chliste a chur chun cinn mar uirlis chun an beartas comhtháthaithe, an fhorbairt réigiúnach agus an claochlú eacnamaíoch a mhéadú.

39. Tacú le tionscnaimh agus tionscadail lena bhféachfar ar réitigh nuálacha maidir le gnéithe sóisialta agus oideachasúla an spóirt a chur chun cinn agus a fhorbairt ar gach leibhéal, amhail corpoideachas, spórt an phobail, oiliúint cóitseálaithe, bainistíocht spóirt, rannpháirtíocht an aosa óig agus saoránacht ghníomhach agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le rochtain leanúnach ar spórt agus ar ghníomhaíocht choirp.

40. Tacú le ról an spóirt, agus ról an spóirt a chur chun cinn, mar chumasóir don fhorbairt inbhuanaithe, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus mar rannpháirtí leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Comhaontú Pháras, tríd an nuálaíocht spóirt a chur chun cinn agus trí chleachtais níos glaise a chuimsiú.

---

**25** Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn

**26** Páipéar Taighde ar Fhorbairt Ghníomhach ó Thionscnamh SHARE: *An Integrated Contribution from Sport and Physical Activity to Economic and Social Development (2020)* [Ranníocaíocht Chomhtháite ón Spórt agus ón nGníomhaíocht Choirp don Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (2020)]

*IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

41. Feasacht a mhúscailt agus acmhainneacht an spóirt a chur chun cinn mar spreagadh agus mar fhoinse nuálaíochta, agus mar uirlis chun an iliomad cleachtas agus luachanna a réiteach agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena gcomhcheanglófaí cleachtais agus luachanna traidisiúnta agus nua-aimseartha.

42. Comhar leis na Ballstáit agus idir na Ballstáit a chur chun cinn maidir le gluaiseacht an spóirt, tríú tíortha ábhartha, braislí agus gréasáin spóirt; feasacht a mhúscailt maidir leis na tairbhí agus na deiseanna a bhaineann leis an gcomhar sin agus maidir lena thorthaí; agus comhroinnt faisnéise ar líne maidir leis an nuálaíocht spóirt a éascú idir na Ballstáit agus geallsealbhóirí ábhartha eile.

43. Faisnéis a scaipeadh faoi na deiseanna tacaíochta airgeadais atá ar fáil do thionscnaimh a bhaineann leis an nuálaíocht spóirt trí chláir de chuid an Aontais, amhail Erasmus+, LIFE, Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus EU4Health; chomh maith le Cistí an Bheartais Comhtháthaithe (go príomha Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, agus tionscnaimh téarnaimh an Aontais, amhail an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht agus REACT-EU, agus bealaí a éascú ag an am céanna inar féidir le gluaiseacht an spóirt agus eagraíochtaí ábhartha eile, chomh maith le tionscadail a bhaineann le spórt, tairbhe a bhaint astu sin.

44. Comhroinnt dea-chleachtas maidir leis an nuálaíocht spóirt a chur chun cinn i gcomhthéacs an Aontais, mar is iomchuí, agus leanúint de thacú le mapáil na nuálaíochta spóirt,

45. Béim a leagan ar thábhacht na nuálaíochta spóirt trí infhaighteacht staidrimh a chur chun cinn chun treochtaí socheacnamaíocha agus faisnéis ábhartha eile a thomhas, trí aghaidh a thabhairt ar ábhar an spóirt agus na nuálaíochta i gcomhthéacs na bhformáidí oibre, mar a shainítear i bPlean Oibre an Aontais don Spórt[27], agus trí dheiseanna eile a fhiosrú chun an topaic a fhorbairt, lena n-áirítear cuir chuige nua a chur i bhfeidhm.

---

27 Go háirithe ag na cruinnithe a bheidh ag grúpaí saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an spórt glas agus maidir le téarnamh ón bpaindéim, agus grúpaí Ballstát leasmhar.

*IARRANN SIAD AR GHLUAISEACHT AN SPÓIRT AGUS AR EAGRAÍOCHTAÍ ÁBHARTHA EILE, I gCÁS INARB IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:*

46. Próisis nuálaíochta eagraíochtúla[28] a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun forbairtí socheacnamaíocha a chothú agus chun stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn agus chun oideachas a chur ar dhaoine fúthu agus faoi nósanna imeachta maidir le spórt sábháilte, glan, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach chomh maith.

47. Clubanna spóirt a chur chun cinn agus tacú leo, go háirithe clubanna áitiúla, agus spórt an phobail, chun an t-aistriú digiteach a chuimsiú agus cultúr nuálaíochta agus turgnaimh a chur chun feidhme.

48. Smaointe agus moltaí nuálacha lúthchleasaithe, cóitseálaithe, réiteoirí agus foirne spóirt eile a bhailiú, a phlé agus a chur in iúl maidir leis an mbealach a bhféadfaí feabhas a chur ar a sábháilteacht agus ar a bhfeidhmíocht agus ar chothroime na gcomórtas spóirt, agus rioscaí sláinte agus tionchar comhshaoil á laghdú ag an am céanna.

49. Oibriú i gcomhar le hollscoileanna, le hinstitiúidí taighde agus leis an earnáil phríobháideach, trí thacú le bailiú sonraí maidir le rannchuidiú ón ngné sin den nuálaíocht a bhaineann leis an spórt.

50. Rannchuidiú leis an idirphlé maidir leis an nuálaíocht spóirt agus faisnéis agus dea-chleachtais maidir leis an nuálaíocht sin a chomhroinnt.

---

[28] Mar shampla, i modhanna oibre agus i bpróisis, sineirgí agus líonraí, rialachas agus trédhearcacht, agus sa chultúr eagraíochtúil.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

*Tagairtí*

Ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, meabhraítear do Comhairle an Aontais Eorpaigh agus d'Ionadaithe Rialtais na mBallstát an méid seo a leanas

– Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2013 maidir leis an méid a chuidíonn an spórt le geilleagar AE, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc an ógra agus ar chuimsiú sóisialta (IO C 32, 4.2.2014 lgh. 2-5)

– Conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2014 maidir leis an spórt mar spreagadh don nuálaíocht agus don fhás eacnamaíoch (IO C 436, 5.12.2014, lgh. 2-5)

– Conclúidí ón gComhairle an 15 Meitheamh 2017, maidir leis an spórt mar ardán don chuimsiú sóisialta trí obair dheonach (IO C 189, 15.6.2017, lgh. 40-44)

– Conclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh 2018 maidir le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn tríd an spórt (IO C 196, 8.6.2018, lgh. 23–26)

– Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2018 maidir le gné eacnamaíoch an spóirt agus na sochair shocheacnamaíocha a ghabhann leis (IO C 449, 13.12.2018, lgh. 1-5)

– Conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt, (IO C 214I, 29.6.2020, lgh. 1-4)

– Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2020 maidir le comhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí (IO C 419, 4.12.2020, lgh. 18-22)

- Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Eanáir 2021 - 30 Meitheamh 2024) (IO C 419, 4.12.2020, lgh. 1-11)

- I mbun an domhan a athrú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (Rún A/RES/70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015)

- Staidéar Mapála an Choimisiúin Eorpaigh dar teideal *measuring the economic impact of COVID-19 on the sport sector in the EU* (2020) [tionchar eacnamaíoch COVID-19 ar earnáil an spóirt san Aontas a thomhas (2020)]

- Páipéar taighde ó Thionscnamh SHARE dar teideal *Mapping smart specialisation strategies for sport* (2020) [Mapáil straitéisí um speisialtóireacht chliste don spórt (2020)]

- Páipéar Taighde ar Fhorbairt Ghníomhach ó Thionscnamh SHARE: *An Integrated Contribution from Sport and Physical Activity to Economic and Social Development (2020)* [Ranníocaíocht Chomhtháite ón Spórt agus ón nGníomhaíocht Choirp don Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (2020)]

- Tairseach Dea-Chleachtais Sláinte Poiblí (an Coimisiún Eorpach): https://webgate.ec.europa.eu/dyna/bp-portal/

- Measúnú tionchair an chláir Fís Eorpach – doiciméad inmheánach oibre (https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/swd_2018_307_f1_impact_assesment_en_v7_p1_977548.pdf, lch. 8)

- Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2020 an Choimisiúin Eorpaigh: *The EU's increasing innovation vital for sustainable and inclusive recovery* [Nuálaíocht mhéadaitheach an Aontais, rud atá ríthábhachtach don téarnamh inbhuanaithe agus cuimsitheach] (22.06.2020)

- An tArdán Eorpach um Nuálaíocht sa Spórt (EPSI) - Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht 2016-2021

- *The Tartu Call for a Healthy Lifestyle* [Glao Tartu maidir le Stíl Fholláin Mhaireachtála a chaitheamh] (2017)

- Tionscnamh nua Eorpach *Bauhaus*

  https://europa.eu/new-european-bauhaus/index_en

*2. Sainmhínithe*

Chun críche na gconclúidí seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- Is gléasanna spóirt iad '*feistí inchaite spóirt*' ar féidir le daoine iad a chaitheamh agus iad ag déanamh aclaíochta coirp nó ag cleachtadh spóirt. Áirítear orthu sin gléasanna amhail seodra cliste (fáinní, bandaí láimhe, uaireadóirí, bioráin, etc), braiteoirí corpshuite (a dhéanann faireachán ar shonraí bitheolaíocha chun críocha cúraim sláinte agus a tharchuireann sonraí bitheolaíocha chun críocha cúraim sláinte) agus rianairí corpacmhainne (go minic i bhfoirm bandaí láimhe nó strapaí, a dhéanann faireachán ar rudaí amhail gníomhaíocht fhisiciúil agus comharthaí beatha).

- Tuigfear 'nuálaíochtaí sóisialta' mar straitéisí, mar choincheapa, mar thuairimí agus eagraíochtaí atá nua agus a chomhlíonann riachtanais shóisialta de gach sórt — lena n-áirítear coinníollacha oibre agus oideachais, agus forbairt pobail agus sláinte — a chuireann leis an tsochaí shibhialta agus a threisíonn léi.

- Is éard atá i gceist le '*comhnuálaíocht*', nó nuálaíocht oscailte: nuair a oibríonn cuideachta go díreach lena chustaiméirí agus lena comhpháirtithe chun fadhbanna gnó a réiteach. I gcomhthéacs an spóirt, ba cheart go gcuirfeadh 'an chomhnuálaíocht' ar chumas na ngeallsealbhóirí éagsúla (údaráis phoiblí, gluaiseacht an spóirt, clubanna spóirt, lúthchleasaithe, cuideachtaí príobháideacha, etc.) acmhainní a roinnt le chéile agus comhoibriú le chéile maidir le réitigh inbhuanaithe. Ina theannta sin, le luas na comhnuálaíochta, ba cheart go mbeifí in ann léargais níos gasta a thabhairt ar threochtaí spóirt agus gnó, agus ar an gcaoi sin an cumas a bheith ag gach comhpháirtí spóirt na treochtaí sin a thuar agus dul in oiriúint dóibh.

- Is éard is '*cluichiú*' ann cur i bhfeidhm eilimintí deartha cluichí agus prionsabail cluichí i gcomhthéacsanna neamhchluichí. Is féidir é a shainmhíniú freisin mar shraith gníomhaíochtaí agus próiseas chun fadhbanna a réiteach trí úsáid a bhaint as saintréithe na n-eilimintí cluichí nó tríd iad a chur i bhfeidhm.